



An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Deontas um Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí le haghaidh Tithe i Limistéir Ghníomhaíochta

Téarmaí agus Coinníollacha

2026

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
gov.ie

Na Rialacháin um Thithíocht (Deontas um Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí le haghaidh Limistéir Thosaíochta Ghníomhaíochta) (Leasú) 2026

- Léigh na nótaí eolais seo a leanas sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iarratais.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha nach bhfuil líonta go hiomlán nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí curtha ar fáil in éineacht leo.
- NÍOR cheart tús a chur le hobair sula n-eisíonn an t-údarás áitiúil faomhadh an iarratais deontais i scríbhinn. Ba cheart don údarás áitiúil a leithéid sin de chigireachtaí nó seiceálacha eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith oiriúnach sula bhfaomhtar an t-iarratas. Níl oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn incháilithe chun cúnamh deontais a fháil.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údarais áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid an Oifigigh Idirchaidrimh Uisce Tuaithe nó na Rannóige Comhshaoil san údarás áitiúil.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine iad a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosrú riachtanach a dhéanamh chun eolas a fhíorú nó chun críche soiléirithe i ndáil le doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil le hiarratas deontais. Ní fhaomhfar deontas i gcás iarratais ina bhfuil faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach.

(I.R. Uimh.452 de 2026)

1 Cuspóir an Deontais

Tacaíonn an deontas seo le húinéirí tí córas cóireála fuíolluisce tí (CCFUT) atá lochtach nó neamhleor a dheisiú, a leigheas, a uasghrádú nó a athsholáthar, d'fhonn cáilíocht an uisce agus sláinte an phobail a chosaint.

Baineann an deontas seo le tithe atá suite i Limistéir Ghníomhaíochta, lena n-áirítear Limistéir Thosaíochta Ghníomhaíochta (LTGanna), Limistéir Ghníomhaíochta Údaráis Áitiúil agus limistéir sláinte poiblí spriocdhírthe eile ina bhfuil sé sainaitheanta go bhfuil CCFUT mar bhonn le riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol, nó is dócha go mbeidh sé mar bhonn leis sin.

Is scéim deontais spriocdhírthe í seo. Ní féidir le húinéirí tí iarratas a dhéanamh ar dheontas toisc go bhfuil CCFUT lochtach acu. Ar dtús, ní mór úinéirí tí a shainaitheant mar úinéirí a d'fhéadfadh a bheith incháilithe trí cheann de na modhanna measúnaithe atá leagtha amach san alt dar teideal Limistéir Ghníomhaíochta (Alt 7) agus ní mór na ceanglais incháilitheachta eile ar fad a chomhlíonadh.

Feidhmíonn an scéim deontais laistigh de theorainneacha an mhaoinithe a leithdháileann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht go bliantúil, agus ní chruthaítear léi teidlíocht uathoibríoch ar chúnamh deontais. Faoin scéim cuirtear maoiniú poiblí ar fáil do CCFUT a bhaineann le rioscaí sainaitheanta comhshaoil nó rioscaí fíoraithe do shláinte an duine i limistéir ghníomhaíochta atá ainmnithe faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí is déanaí.

Ní mór go mbeadh Cód Cleachtais 2021 um Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) (nó mar a leasaíodh é) á chomhlíonadh ag na hoibreacha maoinithe ar fad.

Tábhachtach: Ní cháilíonn costais a thabhaítear i ndáil le gnáthchothabháil, seirbhísiú nó baint sloda CCFUT do dheontas.

2 Leibhéal Deontais

Is é an leibhéal deontais atá ar fáil ná 85% de chostas ceadaithe na n-oibreacha, faoi réir uasmhéid €12,000. Tá an caiteachas íosta ar oibreacha incháilithe atá riachtanach chun an t-iarratas a phróiseáil cothrom le €750.

3 Incháilitheacht

Chun cáiliú, ní mór go mbeadh an t-údarás áitiúil sásta go gcomhlíonann an teach agus an córas na coinníollacha seo a leanas **ar fad**:

- a) Tá an teach áitithe ag an iarratasóir mar phríomháit chónaithe (ní mar theach saoire). D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin réadmhaoine príobháideacha ar cíós go fadtéarmach.
- b) Níl an teach nasctha le séarach poiblí.
- c) Níl an teach á thógáil faoi láthair agus níor tógadh an teacht le 7 mbliana anuas.
- d) Níor íocadh aon deontas don CCFUT seo is ábhar don iarratas le 7 mbliana anuas.
- e) Cuirfear na hoibreacha beartaithe ar fad i gcrích go sásúil mar atá mionsonraithe sa togra faofa.
- f) Tá an teach suite i Limistéar Gníomhaíochta (LG) faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí is déanaí agus tá an CCFUT sainaitheanta, tríd an bpróiseas measúnaithe ábhartha, mar chúis le riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol nó riosca is dócha gur cúis leis sin (lena n-áirítear rioscaí d'uisce, atmaisféar, talamh, ithir, plandaí nó ainmhithe). Beidh na measúnuithe sin á ndéanamh ag an tSeirbhís Bainistíochta Abhantraí (SBA) nó ag an údarás áitiúil ábhartha.

Tábhachtach: Toisc go bhfuil sé suite laistigh de Limistéar Gníomhaíochta ní chiallaíonn sé sin, ann féin, go bhfuil úinéir tí incháilithe don deontas. Ní mór incháilitheacht a dheimhniú tríd an bpróiseas measúnaithe ábhartha agus trí litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha a eisiúint. Tá faomhadh deontais agus íocaíocht faoi réir cheanglais eile na scéime agus an mhaoinithe atá ar fáil laistigh den leithdháileadh bliantúil.

4 Cead pleanála

Go ginearálta, ní theastaíonn cead pleanála le haghaidh oibreacha a bhfuil sé mar aidhm leo CCFUT atá ann cheana a dheisiú nó a chothabháil sa chás go mbaineann na hoibreacha leis an díolúine phleanála ábhartha faoi Alt 4(1)(h) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Sa chás go bhfuil na hoibreacha á ndéanamh chun CCFUT atá ann cheana a chothabháil nó a fheabhsú, níor cheart don údarás áitiúil a cheangal ar an iarratasóir cead pleanála a fháil mar choinníoll a bhaineann leis an deontas a fhaomhadh.

Ba cheart don údarás áitiúil machnamh a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cead pleanála ag teastáil bunaithe ar chineál agus ar mhéid na n-oibreacha atá beartaithe.

Sa chás go bhfuil éiginnteacht ann maidir le cé acu an forbairt nó forbairt dhíolmhaithe iad na hoibreacha atá beartaithe, ba cheart a mholadh don iarratasóir teagmháil a dhéanamh leis an údarás pleanála ábhartha.

5 Costas Faofa

Chun críche na scéime deontais seo, is éard atá i gceist le costas faofa an costas is lú díobh seo a leanas:

- costas iarbhír na n-oibreacha a bhaineann le deisiú, feabhsú, uasghrádú nó athsholáthar CCFUT (lena n-áirítear measúnú láithreáin más gá) nó an costas a bhaineann le nascadh leis an líonra poiblí, nó
- an costas réasúnach a bhaineann leis na hoibreacha sin a chur i gcrích mar atá measta ag an údarás áitiúil.

Cinnfidh an t-údarás áitiúil an costas réasúnach a bhaineann le nascadh leis an ngréasán poiblí i gcoinne an chostais a bhaineann le CCTF a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, agus cinnfidh sé an féidir deontas a thabhairt lena nascadh leis an ngréasán poiblí.

Déanfaidh an t-údarás áitiúil cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreacha beartaithe riachtanach, comhréireach agus réasúnach, ag féachaint do

chineál agus do mhéid an riosca shainaitheanta comhshaoil nó an riosca fhíoraithe do shláinte an duine. Féadfaidh an t-údarás áitiúil srian a chur le costais fhaofa a mheastar a bheith riachtanach chun déileáil leis an riosca sainaitheanta agus chun a chinntiú go bhfuil Cóid Cleachtais GCC á chomhlíonadh.

6 Ceanglais Imréitigh Cánach agus Togra Oibreacha

Ní mór stádas imréitigh cánach reatha an chonraitheora/na gconraitheoirí agus an iarratasóra (más gá), a dheimhniú chun sástacht an údaráis áitiúil.

Maidir le gach conraitheoir, ba cheart don iarratasóir an méid seo a leanas a chur san áireamh lena bhfoirm iarratais:

- an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (TCAN) agus an Uimhir Thagartha Cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim don chonraitheoir;
nó
- leagan clóite atá cothrom le dáta ó Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) den Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach a chuir an conraitheoir ar fáil.

Sa chás nach féidir stádas imréitigh cánach an chonraitheora a bhunú nuair a bhíonn an t-iarratas deontais á mheas, ansin, ní mór don údarás áitiúil diúltú don iarratas ar dheontas.

Is féidir iarratas a dhéanamh air sin trí úsáid a bhaint as seirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie. Is féidir leis an iarratasóir iarraidh orthu foirm iarratais “TC1” a sheoladh chuig a seoladh.

Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó roinn rialtais nó ó údarás poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Deimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.

Togra oibreacha

Ní mór go mbeadh togra mionsonraithe, arna ullmhú ag duine inniúil, in éineacht le gach iarratas ar chúnamh deontais a fhaomhadh chun an córas a uasghrádú de réir

chaighdeáin Chód Cleachtais GCC, agus ní mór go mbeadh aird chuí á tabhairt ar na moltaí a bhaineann leis an CCFUT reatha a bhí ann roimh an gCód Cleachtais.

7 Limistéir Ghníomhaíochta agus Rochtain ar an Deontas

Rialaítear rochtain ar an scéim deontas trí phróiseas measúnaithe agus scagtha struchtúrtha chun a chinntiú go ndírítear na hacmhainní atá ar fáil ar rioscaí tosaíochta don chomhshaol agus do shláinte an phobail a sainaithníodh faoin bPlean Bainistíochta Abhantrach is déanaí.

Cuireann litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha ar chumas úinéara tí iarratas a chur isteach lena bhreithniú faoin scéim. Ní hionann í agus faomhadh deontais, forchoimeád maoinithe nó gealltanais maidir le cúnamh airgeadais a chur ar fáil.

Tá trí bhealach faoinar féidir litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha a eisiúint chuig úinéir tí, mar atá leagtha amach thíos.

7.1 Limistéir Thosaíochta Ghníomhaíochta (LTG)

- Déanann SBA measúnuithe ar dhobharcheantar áitiúil i ndobharlaigh roghnaithe gach bliain chun foinsí dóchúla truaillithe a shainaithint agus díriú ar bhearta chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil acmhainní atá ar fáil á leithdháileadh ar dhobharcheantair tosaíochta inarb ionann CCFUT agus riosca truaillithe don dobharlach.
- Sa chás go sainaithnítear sa mheasúnú go bhfuil CCFUT mar chúis le riosca do shláinte an duine nó don chomhshaol, nó gur dócha go mbeidh sé mar chúis leis sin, féadfaidh SBA litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha a eisiúint chuig an úinéir tí.
- Is ar bhonn bliantúil a dhéantar measúnuithe; dá réir sin, clúdaítear líon teoranta limistéar gach bliain; dá bhrí sin, tá rochtain ar an deontas teoranta do na limistéir sin ag an am sin, agus ní féidir le húinéirí tí measúnuithe a iarraidh. Ní dhéanann SBA cigireacht ar CCFUT aonair mar chuid den phróiseas sin. Is é an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh cinneadh maidir le haon chigireacht nó aon

fhíorú eile atá riachtanach i rith an phróisis iarratais.

7.2 Limistéir Ghníomhaíochta Údaráis Áitiúil (LGanna ÚÁ)

- Déanann údaráis áitiúla measúnuithe ar dhobharcheantair áitiúla i ndobharlaigh roghnaithe (LGanna ÚÁ) gach bliain chun foinsí dóchúla truaillithe a shainaithint agus díriú ar bhearta chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil acmhainní atá ar fáil á leithdháileadh ar dhobharcheantair thosaíochta inarb ionann CCFUT agus riosca truaillithe don dobharlach.
- Cuirfidh an t-údarás áitiúil prionsabail mheasúnaithe i bhfeidhm arb ionann iad agus na prionsabail a úsáideann an tSeirbhís Bainistíochta Abhantraí chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus spriocdhírú cuí caiteachais phoiblí a chinntiú.
- Féadfaidh an t-údarás áitiúil litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha a eisiúint sa chás, i ndiaidh an measúnú a dhéanamh, go dtugtar le fios san fhianaise go bhféadfadh CCFUT a bheith ag cur le riosca comhshaoil nó riosca fíoraithe do shláinte an duine, faoi réir tuilleadh bailíochtaithe agus maoiniú a bheith ar fáil.

7.3 Limistéir Ghníomhaíochta Sláinte Poiblí

- Tá na réimsí seo dírithe ar shláinte phoiblí a chosaint, rud atá nasctha go coitianta le Grúpscéimeanna Uisce (GSU) le Pleananna Cosanta Foinse Comhtháite (PCFCanna), Ceantair chosanta foinse uisce óil phoiblí (á mbainistiú ag Uisce Éireann), uiscí sliogéisc agus snámha faoi threoir údarás áitiúil nó SBA.
- Sa chás go sainaithníonn PCFCanna nó Measúnú Riosca ar Dhobharcheantar Foinse, faoi na Rialacháin maidir le hUisce Óil, CCFUT mar riosca do shláinte an duine, rachaidh CNGSU/GSU i mbun plé leis an údarás áitiúil ina cáil mar údarás maoirseachta Uisce Óil. Déanfaidh an t-údarás áitiúil meastóireacht ar an bhfianaise agus, más cuí, eiseoidh sé litir maidir le hincháilitheacht fhéideartha. Beidh próiseas den chineál céanna in úsáid i ndáil le soláthairtí poiblí atá á mbainistiú ag Uisce Éireann sa chás go sainaithnítear riosca sa Mheasúnú Riosca/sna Pleananna Bainistíochta Riosca.

- I gcásanna a bhaineann le Limistéir Ghníomhaíochta Sláinte Poiblí le haghaidh uiscí snámha agus uiscí sliogéisc, cuirfidh an t-údarás áitiúil prionsabail mheasúnaithe i bhfeidhm arb ionann iad agus na prionsabail a úsáideann an tSeirbhís Bainistíochta Abhantraí chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus spriocdhírú cuí caiteachais phoiblí a chinntiú.
- Ní féidir le húinéirí tí féindearbhu a dhéanamh le haghaidh litreacha sna réimsí sin; ní féidir breithniú a dhéanamh ach orthu siúd a sainaitníodh trí PCFCanna nó trí Mheasúnú Riosca ar Dhobharcheantar Foinse faoi na Rialacháin maidir le hUisce Óil, trí imscrúduithe ar uisce snámha nó ar uiscí sliogéisc.

7.4 Rianú Litreacha maidir le hIncháilitheacht Fhéideartha

Coimeádfaidh SBA agus údarais áitiúla clár litreacha maidir le hincháilitheacht fhéideartha atá eisithe. Tacóidh na cláir le maoirseacht ar chláir, ordú tosaíochta iarratas, bainistiú leithdháiltí bliantúla, faireachán ar chaiteachas agus tuairisciú don Roinn. Cuirfidh Aonad Uisce Tuaithe na Roinne tuarascálacha ráithiúla ar fáil do SBA agus d'údarais áitiúla ábhartha maidir le hóstarraingt deontas.

8 Iarratais Deontais a Chur Isteach agus a Phróiseáil

Nuair a bheidh litir faighte ag an iarratasóir ón údarás áitiúil ina ndeimhnítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas, féadfaidh an t-iarratasóir iarratas ar fhaomhadh deontais a chur isteach trí úsáid a bhaint as CCFUT LG (a)

Ní mór go mbeadh an t-iarratas líonta go hiomlán agus ní mór go mbeadh na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad curtha ar fáil, lena n-áirítear togra oibreacha mionsonraithe a ullmhóidh duine inniúil. Ní mór go ndéanfaí cur síos sa togra ar na hoibreacha atá riachtanach chun an CCFUT a dheisiú, a fheabhsú, a uasghrádú nó a athsholáthar, agus ní mór go dtabharfaí aird ar Chód Cleachtais GCC.

Déanfaidh an t-údarás áitiúil an méid seo a leanas:

- (a) a fhíorú go bhfuil an t-iarratas iomlán agus go gcomhlíonann an t-iarratasóir agus CCFUT na ceanglais incháilitheachta;
- (b) cigireacht, measúnú nó seiceálacha eile de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach a dhéanamh chun bail an CCFUT a fhíorú agus chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreacha beartaithe oiriúnach, ag féachaint don riosca sainaitheanta agus do Chód Cleachtais GCC;
- (c) measúnú a dhéanamh ar na hoibreacha beartaithe agus ar na costais ghaolmhara agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an méid deontais atá le faomhadh; agus
- (d) toradh an iarratais a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn.

Níor cheart don iarratasóir tús a chur le haon oibreacha go dtí go mbeidh an t-iarratas faofa i scríbhinn.

Ní bhreithneofar ach costais na n-oibreacha atá san áireamh sa togra faofa le haghaidh íocaíocht deontais.

9 Éilimh ar Íocaíocht Deontais a Chur Isteach

A luaithe a bheidh oibreacha curtha i gcrích de réir an togra fhaofa agus deimhnithe ag duine inniúil, ní mór don iarratasóir éileamh ar íocaíocht deontais a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ar Fhoirm CCFUT LG (b). Ní mór an t-éileamh a chur isteach laistigh de shé mhí tar éis do na hoibreacha a bheith curtha i gcrích.

10 Éilimh ar Íocaíocht Deontais a Phróiseáil

Déanfaidh an t-údarás áitiúil an méid seo a leanas:

- (a) a fhíorú go bhfuil d'éileamh bailí agus iomlán;
- (b) a dheimhniú, trí sheiceálacha nó cigireachtaí den chineál sin a mheasann sé a bheith cuí, go bhfuil na hoibreacha curtha i gcrích de réir an togra fhaofa

agus Chód Cleachtais GCC agus go bhfuil téarmaí agus coinníollacha ábhartha uile na scéime comhlíonta; agus

(c) an toradh a chur in iúl don iarratasóir i scríbhinn agus íocaíocht a eisiúint sa chás go bhfuil an t-éileamh faofa.

Sa chás go ndiúltaítear nó go ndiúltaítear i bpáirt an deontas a íoc, cuirfidh an t-údarás áitiúil é sin in iúl don iarratasóir i scríbhinn, ina leagtar amach go soiléir na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh agus ina dtugtar comhairle maidir leis an gceart chun achomhairc.

Fíoróidh an t-údarás áitiúil gurb ionann an caiteachas deontais agus úsáid oiriúnach agus réasúnach cistí poiblí agus go bhfuil coinníollacha uile na scéime á gcomhlíonadh.

Beidh íoc an chúnaimh deontais fós faoi réir riachtanais uile na scéime a chomhlíonadh agus maoiniú a bheith ar fáil faoin leithdháileadh bliantúil a bheidh á chinneadh ag an Aire.

11 Próiseas achomhairc

Féadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh údarais áitiúil chun íoc deontais a dhiúltú nó a dhiúltú i bpáirt.

Ní mór an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn, lena n-áirítear trí ríomhphost, laistigh de thrí seachtaine ón dáta atá ar an litir chinnidh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an achomharc a leagan amach go soiléir.

Breithneoidh oifigeach ón údarás áitiúil nach raibh aon bhaint acu leis an gcinneadh bunaidh an t-achomharc.

Déanfar cinneadh maidir leis an achomharc laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh an t-achomharc a fháil.

Cuirfear an cinneadh ar an achomharc in iúl don iarratasóir i scríbhinn laistigh de chúig lá oibre ón uair a dhéantar an cinneadh.

12 Maoiniú Ginearálta agus Foráil Teidlíochta

Ní fhorléireofar aon rud sna Treoirínte seo, eisiúint litreach incháilitheachta, glacadh le hiarratas, déanamh cigireachta, faomhadh oibreacha beartaithe nó aon chumarsáid ó SBA, údarás áitiúil nó ón Roinn, mar theidlíocht ar mhaoiniú deontais.

Beidh cúnamh deontais i gcónaí faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, leithdháiltí bliantúla a bheidh á gcinneadh ag an Aire, ceanglais reachtúla a bheidh á gcomhlíonadh agus coinníollacha uile na scéime a bheidh á gcomhlíonadh.

Ní dheimhníonn faomhadh iarratais go n-íocfar an t-uasmhéid deontais. Beidh an méid a íocfar bunaithe ar chostas faofa na n-oibreacha incháilithe agus ar an gcaiteachas incháilithe iarbhir tabhaithe, faoi réir théarmaí agus choinníollacha na scéime.

13 Cabhair agus Teagmháil

Le haghaidh foirmeacha, cabhair maidir le hiarratas a chomhlánú nó ceisteanna ginearálta, déan teagmháil le hOifigeach Idirchaidrimh Uisce Thuaithe nó le Rannóg Comhshaoil d'údaráis áitiúil.

14 Aguisíní

14.1 FOIRM CCFUT LG (a) Foirm Iarratais

FOIRM IARRATAIS

Oibreacha chun Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFUT) a dheisiú, a fheabhsú, a uasghrádú nó a athsholáthar in LG sa chás go bhfuil litir faighte ag an iarratasóir ón tSeirbhís Bainistíochta Abhantraí (SBA), Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CÚÚÁ) roimhe seo, nó ón Údarás Áitiúil lena ndeimhnítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

- Léigh na nótaí faisnéise go cúramach sula líonann tú an fhoirm iarratais.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha nach bhfuil

líonta go hiomlán nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí curtha ar fáil in éineacht leo.

- NÍOR cheart tús a chur le hobair sula n-eisíonn an t-údarás áitiúil faomhadh an iarratais deontais i scríbhinn. Féadfaidh an t-údarás áitiúil a leithéid sin de chigireachtaí nó de sheiceálacha eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith oiriúnach sula bhfaomhfar an t-iarratas. Níl oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn incháilithe chun cúnamh deontais a fháil.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údaráis áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe nó Rannóg Comhshaoil an údaráis áitiúil.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine chun na foirmeacha a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosruithe riachtanacha a dhéanamh, chun faisnéis a fhíorú nó chun doiciméid tacaíochta a chuirtear ar fáil le hiarratas deontais a shoiléiriú agus cuirfear as an áireamh ó aon bhreithniú ar dheontas aon iarratasóir a chuireann faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach ar fáil.

1. Sonraí an iarratasóra

Ainm an iarratasóra (i mbloclitreacha):	
Seoladh (suíomh an DWWTS):	
ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin:	
Seoladh ríomhphoist:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach	Tá ☐ Níl ☐
Tagairt ar an litir ó SBA/Údarás áitiúil:	
Le 12 mhí anuas, an bhfuair tú deontas ó aon chomhlacht poiblí? Má fuair tú, cuir sonraí ar fáil:	Fuair ☐ Ní bhfuair ☐

• méid: • dáta íoctha:	€
2. Seicliosta chun lochtanna a shainaithint	
(a) Ar baineadh an sloda den CCFUT le bliain anuas?	Baineadh ☐ Níor baineadh ☐
(b) An bhfuil an t-uisce dromchla/uisce dín á atreorú ón CCFUT?	Tá ☐ Níl ☐
(c) Cén cineál córais atá ann?	☐ Dabhach shéarachais ☐ Tánaisteach ☐ Treasach
(d) An ndearnadh cigireacht agus oibreacha cothabhála ar an gcóras le 2 bhliain anuas?	Rinneadh ☐ Ní dhearnadh ☐
(e) Cén cineál insíothlúcháin atá in úsáid?	☐ Poll súite ☐ Láthair shíothlúcháin ☐ Láthair shíothlúcháin ardaithe (Córas Mullóige) ☐ Scagaire snasúcháin ☐ Píopa chomh fada le huisce dromchla ☐ Bogach/Giolcarnach ☐ Saileach ☐ Eile (sonraigh ar bhileog ar leith)
(f) An bhfuil táscairí fásra dhíobhálaigh (síothlú) i láthair sa láthair insíothlúcháin amhail: • limistéir fhliucha/linnte, • féar méith, • tailte garbha/luachra, etc.	Tá ☐ Níl ☐
3. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha atá le cur i gcrích, de réir mar a d'ullmhaigh duine inniúil (ní mór cóip den togra iomlán a cheangal freisin)	
4. Íocaíochtaí Roimhe Seo	

Ar íocadh aon deontas i ndáil leis an CCFUT seo le 7 mbliana anuas? Más íocadh, cuir sonraí ar fáil: • méid: • dáta íoctha:	Íocadh ☐ Níor íocadh ☐ €
5. Sonraí an Chonraitheora (na gConraitheoirí) (ní mór leagan clóite den Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach a chur ar fáil do gach conraitheoir)	
Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 (más infheidhme)
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora:	Seoladh an chonraitheora:
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:
6. Dearbhú	
Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm iarratais seo ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú má chuirtear aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó aon doiciméid tacaíochta neamhbhailí ar fáil.	
Síniú an iarratasóra: _____	
Dáta: _____	
SEICLIOSTA	
Cinntigh go gcuireann tú na doiciméid seo a leanas san áireamh i d'iarratas:	
☐ mhálacha miondealaithe le haghaidh na hoibre/na n-oibreacha ar fad a cuireadh i gcrích,	
☐ gra oibreacha san áireamh	
☐ agan clóite den Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach do gach conraitheoir atá i mbun oibre.	

14.2 FOIRM CCFUT LG (b) Foirm Éilimh ar Íocaíocht

FOIRM ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHT DEONTAIS

Oibreacha a bhaineann le feabhsú, deisiú, uasghrádú nó athsholáthar Córais Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFUT), i Limistéar Gníomhaíochta, sa chás go bhfuil deontas faofa ag údarás áitiúil do dhuine éigin.

- Léigh na nótaí faisnéise go cúramach sula líonann tú an fhoirm éilimh.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní phróiseálfar foirmeacha nach bhfuil líonta go hiomlán nó foirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí curtha ar fáil in éineacht leo.
- NÍOR cheart tús a chur leis an obair roimh chuairt ón údarás áitiúil nó ionadaí dá chuid. Má tá tús curtha le hobair roimh an dáta sin, ní bhreithneofar d'iarratas.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údarais áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid Oifigeach Idirchaidrimh Uisce Tuaithe nó na Rannóige Comhshaoil de chuid an údarais áitiúil
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine chun na foirmeacha a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosrú riachtanach a dhéanamh chun eolas a fhóirú nó chun críche soiléirithe i ndáil le doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil le hiarratas deontais. Ní fhaomhfar deontas i gcás iarratais ina bhfuil faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach.

1. Sonraí an Iarratasóra	
Ainm an iarratasóra (i mbloclitreacha):	
Seoladh (suíomh an DWWTS):	
ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach	Tá ☐ Níl ☐
Seoladh ríomhphoist:	
2. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh, mar atá sonraithe ag duine inniúil (ní mór admháil (admhálacha) (miondealaithe a chur ar fáil nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe)	
3. Sonraí an Chonraitheora (na gConraitheoirí) (<u>ní mór</u> leagan	
Conraitheoir 1	Conraitheoir 2 ((más infheidhme)
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora:	Seoladh an chonraitheora:
ÉIRCHÓD:	ÉIRCHÓD:
4. Dearbhú	

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé ar fáil ar an bhfoirm éilimh seo ar íocaíocht deontais ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chealú má chuirtear aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó aon doiciméad tacaíochta neamhbhailí ar fáil.

Síniú an éilitheora:

Dáta:

14.3 Deontas um Chórais Cóireála Fuíolluisce Tí

Sreabhchairt Phróiseas Iarratais na Limistéar Gníomhaíochta



